

# DO THEAGHLACH CONALLACH

TREOIR MAIDIR LE DO SHINSIR A RIANÚ SIAR



RANNÁN CULTÚIR, COMHAIRLE CHONTAE DHÚN NA NGALL



Bailiúchán Músaem Chontae Dhún na nGall

- DRYING PEATS -



Comhairle Contae  
Dhún na nGall  
Donegal County Council

Bhí an t-eolas atá sa leabhrán seo ceart agus cruinn san am a foilsíodh é.  
Bealtaine 2020



# Is é is ginealas

ann staidéar

a dhéanamh ar shinsir duine nó ar stair a theaghlaigh agus tá sé ar na caithimh aimsire is mó ar an domhan a bhfuil daoine tugtha dóibh. Sa ghinealas tugtar an stair chun beatha mar nuair a fhoghlaimíonn daoine faoina sinsir, tá siad ábalta ceangail a dhéanamh le heachtraí sa stair. Is é is Stair theaghlaigh ann taighde beathaisnéiseach ar do shinsir. Is é an aidhm atá leis de ghnáth stair inste a bhfuil bunús maith léi, a bheidh spéisiúil do bhaill an teaghlaigh agus b'fhéidir do ghlúnta atá le teacht. Sa staidéar seo cuirtear feoil ar chnámha an ruda a thugann ginealas dúinn agus déantar staidéar ar na cúinsí stairiúla agus ar an chás thíreolach inar mhair sinsir.

Mar chaomhnóirí ar chomhchuimhne Chontae Dhún na nGall, is seirbhís thábhachtach de chuid na Roinne Cultúir áiseanna ginealaí/ staire teaghlaigh. Sa leabhrán seo tugtar intreoir achomair ar na háiseanna atá ar fáil sa Leabharlann, Seirbhísí Cartlainne agus Músaem na Roinne Cultúir, Comhairle Contae Dhún na nGall, agus ar áiseanna eile agus gníomhaireachtaí a bheadh ina threoir do thaighdeoirí atá ag rianú a gcrainn ginealaigh i nDún na nGall.

Cé go bhfuil Leabharlann Chontae Dhún na nGall, Cartlann Chontae Dhún na nGall agus Músaem Contae Dhún na nGall sásta treoir agus cuidiú a thabhairt, ní institiúidí ginealaí iad agus de ghnáth ní thig leo taighde mionsonraithe a dhéanamh do dhaoine aonair.

# Tús a chur le do Thaighde

**M**ar thús, déan iarracht a fháil amach chomh cruinn agus chomh hiomlán agus is féidir cad iad na bunfhíricí ginealaigh atá ag a oiread agus is féidir leat de do dhlúthghaolta:

- Aínmeacha (céadaimneacha agus ainmneacha teaghlaigh gaolta)
- áiteanna cónaí (an paróiste nó an baile fearainn a raibh siad ina gcónaí ann, amharc: [www.townlands.ie/donegal/](http://www.townlands.ie/donegal/)) Is éard is baile fearainn ann an roinn chríche is lú taobh istigh de gach contae agus é idir acra amháin agus na mílte acra ina méid. Úsáideadh iad go forleathan i suirbhéanna talaimh, daonáirimh agus córais vótála ón 17ú céad agus is iad is bonn le seoltaí poist faoin tuath
- go garbh cad é an dáta agus an áit ar rugadh/baisteadh iad
- an dáta agus an áit ar pósadh iad
- an dáta agus an áit ar éag siad/ar adhlacadh iad.



Bailiúchán Theaghlaigh Rutherford  
Le caoinchead ó Caroline Ni Giolla Chearr

## Is fearr oibriú droim

**ar ais** ón méid atá ar eolas faoi shinsir a aithníodh cheana féin. Is annamh a éiríonn le duine a bhíonn ag iarraidh oibriú chun tosaigh.

Labhair le do gharghaolta agus cuir ceist orthu sin a shíleann tú go bhfual seans ann go mbeidh rud beag níos mó eolais acu ar stair do theaghlaigh. Seiceáil lena fháil amach cad iad na doiciméid (teastais, litreacha, gearrtháin nuachtáin, bíoblaí teaghlaigh, albaim grianghraif, dialanna, etc.) atá agat nó acu.

Taispeánfar san eolas sin an bealach chuig taifid chuí. Tá sainchreideamh tábhachtach fosta lena chinntíu cad iad na taifid atá fóirsteanach don taighde s'agat.

Tá teorainn ar an taighde s'agat ar do shinsir Éireannacha cionn is gur scriosadh mórán de na taighde daonáirimh, ginealaigh theaghláigh agus cláir pharóiste Eaglais na hÉireann nuair a dódh an Chartlann Náisiúnta sna Ceithre Cúirteanna i mBaile Átha Cliath in 1922. Ach tá bunús na gclár paróiste Caitliceach ann go fóill, cé nach dtéann mórán acu níos faide siar ná deireadh an 18ú céad agus níl siad ar fáil do gach paróiste. Tá taifid éagsúla eile ann, ach tá sé deacair líne Éireannach a rianú níos faide siar ná túis an 17ú céad, mura ndéantar trí thaifid Chlainne etc. é.

Tá mórán leabhar ann agus foinsí ar líne a chuideodh leat túis a chur le do thaighde, lena n-áirítear:

- Tracing your Irish Ancestors: The Complete Guide /John Grenham, 2019
- Tracing your Donegal Ancestors / Helen Meehan agus Godfrey Duffy, 2008
- Tracing Your Irish Family History on the Internet: A Guide for Family Historians / Chris Paton, 2019
- Áiseanna Ginealais Dhún na nGall: [www.donegalgenealogy.com](http://www.donegalgenealogy.com)
- Ginealas Éireannach: [www.irishgenealogy.ie](http://www.irishgenealogy.ie)
- Cuardach Teaghlaigh: [www.familysearch.org](http://www.familysearch.org)
- Ar Lorg mo Staire: [www.findmypast.ie](http://www.findmypast.ie)
- Sinsearacht: [www.ancestry.com](http://www.ancestry.com)



Gaoth Dobhair go mall sna 1880idí  
Bailiúchán Príobháideach Teaghlaigh

# Leabharlann Chontae Dhún na nGall - Lárleabharlann, Leitir Ceanainn



Lárleabharlann, Leitir Ceanainn.  
Bailíúchán Leabharlann Chontae Dhún na nGall  
Granghraf: Paul McGuckin

Tá an Lárleabharlann ar Bhóthar Oilibhéir Pluincéid, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall.

Central GPS 54.948382,-7.737889

Déan teagmháil le Lárleabharlann ar (074) 9124950 nó seol ríomhphost central@donegalllibrary.ie

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar ár suíomh gréasáin ag [www.donegalllibrary.ie](http://www.donegalllibrary.ie)

Sa Lárleabharlann, Leitir Ceanainn, tá bailíúchán mór de leabhair, irisleabhair

agus ábhair eile ar ghinealas agus stair theaghlaigh a d'fhéadfadh cuidiú leat tú a chur ar d'aistear ar lorg an tsinsir sin i nDún na nGall ar deacair teacht air.

**Cé nach féidir leis an fhoireann an taighde a dhéanamh, tá siad sásta treoir agus cuidiú a thabhairt.**

Is féidir mórán dár gcuid áiseanna a fhótachóipeáil; nuair atá eisceachtaí ann de ghnáth is féidir granghraf a ghlacadh díobh gan splanc. Caithfidh gach fótachóipeáil cloí leis an Acht Cónpheirt agus Ceart Gaolmhar 2000.

# Roinn Staidéir Dhún na nGall

Tá Staidéir Dhún na nGall sa Lárleabharlann, Leitir Ceanainn. Tá an bailiúchán tagartha ar fáil le linn uaireanta oscailte leabharlainne agus is féidir cuid de na hearraí a fháil ar iasachta. Tá an chatalóg ar fáil ar líne ag [www.donegallibrary.ie](http://www.donegallibrary.ie)

Bíonn ball foirne i gcónaí i láthair le treoir agus cuidiú a thabhairt agus leis na hábhair a thabhairt a fhad leis an taighdeoir. Má shíleann tú go mbeadh rochtain de dhíth ort ar ábhair atá ar mhicreascannán moltar duit an micriléitheoir a chur in áirithe ar dtús.



Léitheoir Micreascannán, Lárleabharlann  
Le caoinchead ó Caroline Ni Giolla Chearr


Faoi láthair tá Leabharlann Chontae Dhún na nGall ag digitíú earraí roghnaithe ó bhailiúchán Staidéir Dhún na nGall agus ag cur in ord tosaíochta earraí atá le digitíú le freastal ar riachtanais taighdeoirí, agus san am chéanna ag iarraidh caomhnú a dhéanamh ar na hearraí is leochailí agus is mó atá i gcontúirt ina bailiúcháin. Fágann sin go mbeidh níos mó rochtana ag úsáideoirí sa bhaile agus thar lear ar a bailiúcháin tríd an ghréasán agus formáidí eile.

Go dtí seo, tá digitíú déanta ag Leabharlann Chontae Dhún na nGall ar na leabhair a leanas a óstáiltear ar [www.askaboutireland.ie/reading-room/digital-book-collection/digital-books-by-county/donegal/](http://www.askaboutireland.ie/reading-room/digital-book-collection/digital-books-by-county/donegal/)

- Ballyshannon: Its History and Antiquities / Allingham, Hugh, 1937
- A Copy of Register of Deeds in County Donegal / MacIntyre, A, 1935
- Inis Eoghain/ Maghtochair, 1867
- A History of the Diocese of Raphoe / Maguire, Very Rev. E, 1920
- Letterkenny Past and Present / Maguire, Very Rev. E, 1917
- Statistical Survey of the County of Donegal / McParlan, James, 1802
- The Flight of the Earls / Ó Cianáin, Tadhg, 1916
- The Martyrology of Donegal / O'Donovan, John, 1864
- The Scenery and Antiquities of South-Western Donegal / Stephens, James, 1872



# Leabhair Uathúla



Leabhair Uathúla,  
Lárleabharlann, Leitir Ceanainn

**S**a Lárleabharlann tá bailiúchán de sheanleabhair agus leabhair uathúla a foilsíodh faoi Dhún na nGall nó a d'fhoilsigh údáir de chuid Dhún na nGall san ochtú céad déag agus sa naoú céad déag. Níl sna teidil a leanas ach sampla ionadaíoch den taisce shaibhir.

- Facts from Gweedore with Useful Hints to Donegal Tourists / Lord George Hill, 1846.
- The Family History of Hart of Donegal / Henry Travers Hart, 1907.

- The Harvey Families of Inishowen, Co. Donegal and Maen Co., Cornwall / Lieut-Col. GH Harvey, 1927.
- A History of the Diocese of Ráth Bhoth / An Canónach Urramach Edward Maguire, 1920 [2 Imleabhar]
- A Generation of Montgomerys / Henry Montgomery, Easpag na Tasmáine, 1907.
- The Wrays of Donegal, Londonderry and Antrim / Charlotte Violet Trench, 1945.
- Irish Distress and its Remedies: The Land Question: A Visit to Donegal and Connaught in the Spring of 1880 / James H. Tuke, 1880.
- A Tour of Ireland in 1775 with a view of the Salmon-Leap at Ballyshannon / Richard Twiss, 1775.
- Three Hundred Years in Innishowen / Amy Isobel Young, 1929.
- The O Cléirigh Family of Tír Conaill / Father Paul Walsh, 1938.
- A Tour in Ireland with observations on the present state of that Kingdom made in the years 1776, 1777 and 1778 and brought down to the end of 1779 / Arthur Young, 1780.
- Beatha Aodha Ruaidh Úi Dhomhnaill / The Life of Hugh Roe O'Donnell Prince of Tirconnell 1586-1602 / Lughaidh O' Clery, 1893.

# Ar na Foinsí agus Áiseanna Uathúla atá le fáil sa

## Lárleabharlann tá: \_\_\_\_\_

- A list of families in the Parish of Conwal 1878 / compiled by W. Craig
- County Donegal Revenue Employees c.1675-c.1786 / compiled by Aidan Manning
- Donegal Soldiers granted Out Pensions, 1783-1822 / complied by Aidan Manning
- Householders in St. Johnston, 1794
- Land grants in the Precinct of Liffer (Lifford), barony of Raphoe and County of Donegal: 1608 Plantation of Ulster
- List of persons in the parish of Culdaff, March 8th, 1782
- List of Protestant householders in the Parish of Leck in 1766
- Murlog Church baptisms 1773-1777
- Old Letterkenny families / compiled by Sam Fleming
- Protestant householders in the Parish of Templecrone, county Donegal in 1799, with a list of Churchwardens of the same Parish, 1775-1900
- Raphoe Marriage Registers: Some eighteenth century Catholic marriages in the Protestant Registers of the Diocese of Raphoe
- Trees planted in Raphoe 1702 (A list of landholders on lands belonging to the Bishop of Raphoe)
- Register of Deeds in County Donegal – Freeholders 1760 - 1769

54. Andrew Rogers of Nather in the County of Donegall hath registered his freehold lying at Nather in this County this 16th day of July in the year of our Lord 1767.

55. Samuel Rankin of Castruse in the County of Donegall hath registered his freehold lying at Castruse in this County this 14th day of April in the year of our Lord 1768.

56. John Rankin of Curley in the County of Donegall hath registered his freehold lying at Curley in this County this 16th day of July in the year of our Lord 1767.

57. John McFadden of Creevy in the County of Donegall hath registered his freehold lying at Creevy in this County this 14th day of July in the year of our Lord 1768.

# Ar na Foinsí agus Áiseanna ar Fáil sa

## Lárleabharlann tá: \_\_\_\_\_

### TAIFID TALÚN

#### Daonáirimh agus Daonáirimh Ionaid

Sna tuairisceáin daonáirimh tá liosta de na daoine uilig a bhí i láthair sa teaghlaigh oíche an daonáirimh, a ngaol leis an tsealbhóir tí, a gcreideamh, a slí bheatha, a n-aois agus sonraí pearsanta eile.

#### Daonáireamh 1901 agus

#### Daonáireamh 1911

Cóipeanna micreascannáin den Daonáireamh do Chontae Dhún na nGall in 1901 agus 1911.

Is féidir breathnú ar Dhaonáireamh 1901 agus Daonáireamh 1911 d'Éirinn ar líne ag [www.census.nationalarchives.ie](http://www.census.nationalarchives.ie)

Ar na sleachta daonáirimh eile tá :  
Sleachta as daonáireamh 1841 agus daonáireamh 1851 do Chontae Dhún na nGall le fáil i  
bPáipéir Parlaiminte na Breataine 1851,  
Daonáireamh Éireann: Cuid 1 Ulaidh agus Connachta: Daonra agus Tithíocht na hÁite

Is féidir breathnú air sin ar líne ag [www.dippam.ac.uk](http://www.dippam.ac.uk)

[Ireland: 1841/1851 Census Abstracts (Republic of Ireland)/ Josephine Masterson, 1999.

Cláraítear anseo sleachta daonáirimh ó thaifid na bPinsean Seanaoise.]

#### Suirbhé Pynnar's 1618-1619

Rinneadh an Suirbhé seo idir 1618 agus 1619 agus liostaítear ann na tiarnaí talaimh Sasanacha agus Albanacha ar bronnadh tailte orthu faoi Phlandáil Uladh. Insítear an acraíocht a bronnadh ar gach 'Gealltóir', ach déantar suirbhé festa ar na príomhthionónaí Éireannacha a d'fhan ar na tailte daingnithe.

[An Historical Account of the Plantation of Ulster at the Commencement of the Seventeenth Century 1608-1620 / George Hill, 1877]

#### Rollá Mustair 1630

Ó 1630, is é an daonáireamh ionaid é is sine sa Lárleabhalann. Is liosta é de na mórúinéirí talún agus d'fhir inniúla faoi airm (16-60 bliain) a bhí le bailiú le troid ar son na Corónach, dá mbeadh gá leis.

## An Suirbhé Sibhialta 1654-1656

Is comhthiomsú é an Suirbhé Sibhialta de thaifid tiarnaí talaimh bunaithe ar pharóiste nó ar bhaile fearainn le cur síos scríofa ar na críocha. Tugtar luach gach baile fearainn mar a socraíodh in 1641.

[The Civil Survey A.D. 1654-1656: Counties of Donegal, Londonderry and Tyrone, 1937.]

## Daonáireamh Pender c. 1659

Tugtar Daonáireamh Petty nó Daonáireamh Pender air seo fosta. Tugann sé tuairisceáin daonáirimh do bhailte fearainn don chuid is mó d'Éirinn. Sna tuairisceáin tá ainm phríomháititheoirí an talaimh, a dtugtar 'Tituldoes' orthu. Roinntear é de réir barúntachta, paróiste agus baile fearainn agus liostaítear ann an méid Sasanach, Albanach agus Éireannach i ngach baile fearainn. Is foinse iontach luachmhar é mar go liostaítear ann na príomhainmneacha Éireannach agus a minicíocht, de réir barúntachta.

[A Census of Ireland circa 1659 / Seamus Pender, 1939]

## Rolláí Airgead Teallach 1660idi

Is liosta é seo de shealbhóirí tí a chaithfeadh cáin a íoc bunaithe ar an méid teallach i ngach teach, ar ráta dhá scilling an teallach. Liostaítear ann ceannaire an teaghlaigh i

ngach barúntachta agus paróiste a chaithfeadh an chái a íoc.

## Uachtanna

Is foinse thábhachtach uachtanna agus taifid thiomnacha nó tugann siad fianaise ar dháta bás agus eolas a bhaineann le baill teaghlaigh, áit chónaí agus réadmhaoin.

Sa Lárleabharlann tá na trí imleabhar a leanas de Shleachta Uachtanna i gClárlann na nGníomhas:

[Sleachta Uachtanna i gClárlann na nGníomhas: Iml. 1 (1708-1745)]

[Sleachta Uachtanna i gClárlann na nGníomhas: Iml. 2 (1746-1785)]

[Sleachta Uachtanna I gClárlann na nGníomhas: Iml. 3 (1785-1832)]

Is féidir féilirí d'Uachtanna agus Riarracháin 1858 – 1920 a lorg ar líne ag [www.willcalendars.nationalarchives.ie](http://www.willcalendars.nationalarchives.ie)

## Liostaí Príomtheidlíochta

### Tuirne 1796 (Liosta Lín)

Le tionscal an línéadaigh a spreagadh in Éirinn bhronn Bord Línéadaigh na hÉireann tuirní saor in aisce ar shealbhóirí talún bunaithe ar líon na n-acraí línéadaigh a cuireadh. Tá na hiontrálacha bunaithe ar pharóiste agus tá liosta ann den méid tuirní a bronnadh ar gach sealbhóir talún.



# TAIFID EAGLAISE

Ní raibh clárú sibhialta breitheanna, básanna agus póstaí riachtanach in Éirinn go dtí 1864. Mar sin is áis staire teaghlaigh thar a bheith luachmhar iad taifid Eaglaise. Tá an áit a mbítear ag stóráil na dtaifead seo ag brath ar an tsainchreideamh. Ba chóir a thuiscent festa go gcoinnítéar a lán de na taifid pharóiste go háitiúil in eaglaisí paróiste.

## Eaglais na hÉireann

Tá Cláir Pharóiste d'Inbhear, Tamhnach an tSalaínn, Cill Leacht Aodha agus na Cealla Beaga á gcoinneáil ar mhicreascannán sa Lárleabharlann. Caithfear cead a fháil ón pharóiste leis na taifid seo a phrontáil.

Is é Comhlacht lonadaíoch na hEaglaise a choinníonn taifid Eaglais na hÉireann:  
[www.ireland.anglican.org/about/rcb-library/catalogues/parish-records](http://www.ireland.anglican.org/about/rcb-library/catalogues/parish-records)

Rinneadh roinnt bheag de chláir pharóiste na hÉireann a dhigitú agus is féidir breathnú orthu anseo agus ar Thionscadal taifid na nAnglacánach. Tá an obair ar an taifead dhigiteach seo ar siúl i rith an ama.  
[www.ireland.anglican.org/about/rcb-library/anglican-record-project](http://www.ireland.anglican.org/about/rcb-library/anglican-record-project)

## Caitliceach

Tá bunús na gclár paróiste Caitliceach roimh 1880 atá ann ar fad ar mhicreascannán ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Ní dhearnadh iad a dhigitú agus is féidir breathnú orthu ag [www.registers.nli.ie](http://www.registers.nli.ie) Tá bunús na dtaifead is déanaí á gcoinneáil ag na heaglaisí paróiste éagsúla. [www.churcharchives.ie/raphoe-diocesan-archives/](http://www.churcharchives.ie/raphoe-diocesan-archives/)

## Meitidisteach

D'fhás an Meitidisteachas as an Eaglais Bhunaithe le daoine ag dul isteach i gCumann Meitidisteach Wesley, ach ag fanacht ina n-eaglaisí féin. Bhíothas ag dúil go rachadh Meitidistigh chuig an eaglais pharóiste fá choinne baiste; mar sin de tá sé tábhachatach go gcuimhnímid ar thaifid Eaglais na hÉireann don ochtú céad déag a sheiceáil.

Rinne PRONI (Oifig na dTaifead Phoiblí Thuaisceart Éireann) taifid go leor de na heaglaisí Meitidisteacha i gCúige Uladh (Dún na nGall san áireamh) a chóipeáil. Tá siad sin ar fáil faoi na coid tagartha MIC1E agus CR6  
[www.nidirect.gov.uk/publications/proni-guide-church-records](http://www.nidirect.gov.uk/publications/proni-guide-church-records)

Seans go bhfuil taifid eile á gcoinneáil go háitiúil nó le Cumann Staire Meitidisteach na hÉireann:  
[www.methodisthistoryireland.org](http://www.methodisthistoryireland.org)  
Cumann Staire Wesley: [www.wesleyhistoricalsoociety.org.uk/genealogy.html](http://www.wesleyhistoricalsoociety.org.uk/genealogy.html)

## An Eaglais Phreispitéireach

Tá micreascannán déanta ag Oifig na dTaifead Poiblí Thuaisceart Éireann (PRONI) de beagnach gach clár Preispitéireach in Éirinn. Tá dornán beag de chlár roimh 1990 agus de thaifid eile ag Ministrí go háitiúil.

[www.nidirect.gov.uk/proni](http://www.nidirect.gov.uk/proni)

Tá roinnt bheag taifid phobalda fosta ag Cumann Staire Preispitéireach na hÉireann. Is féidir teacht orthu sin ag [www.presbyterianhistoryireland.com/collections/library/records](http://www.presbyterianhistoryireland.com/collections/library/records)

De bharr gérleanúint shibhialta de thoradh na bPéindlithe bá í Eaglais na hÉireann a rinne mórán de bhaistí, póstaí agus adhlacthaí na bPreispitéireach. Mar sin de tá sé tábhachtach gan dearmad a dhéanamh taifid Eaglais na hÉireann a sheiceáil isteach san ochtú céad déag. Tá cláir adhlacthaí d'eaglaisí Preispitéireacha neamhchoitianta nó ní raibh mórán tailte adhlactha Preispitéireacha ann.

Sa Lárleabharlann tá cóip chrua d'innéacsanna le haghaidh na nEaglaisí Preispitéireacha áitiúla a leanas:

Innéacs do Thaifead Paróiste	Taifead	Blianta ar Fáil
Céad-Eaglais Phreispitéireach Leitir Ceanainn	Breitheanna agus Póstaí	1845-1899
Dara hEaglais Phreispitéireach Leitir Ceanainn	Baistí agus Póstaí	1821-1858
Tríú hEaglais Phreispitéireach Leitir Ceanainn	Baistí agus Póstaí	1841-1899
Gort Lao (Leitir Ceanainn) Eaglais Phreispitéireach Leasaithe	Póstaí	1872 -1898

Innéacs do Thaifead Paroiste	Taifead	Blianta ar Fáil
<b>Eaglais Phreispitéireach Phánada</b>	Breitheanna agus Póstaí	1827-1899
<b>Eaglais Phreispitéireach Bhaile na nGallóglach</b>	Breitheanna agus Póstaí	1838-1899
<b>Eaglais Phreispitéireach Ráth Maoláin</b>	Breitheanna, Básanna agus Póstaí	1845-1899
<b>Eaglais Phreispitéireach na dTréantach, Leitir Ceanainn</b>	Póstaí  Baistí	1845 -1873 1873 -1938 1958 -1998  1964 - 1998

## Cumann na gCarad (Na Caecair)

In Find My Past tá móran taifead Caecair lena n-áirítear baistí, póstaí, roinnt básanna, eolas faoin phobal agus taifid scoile. I Monatóir Bliantúil na gCaecar don Bhreatain agus d'Éirinn ó 1813-1918 tá cuntais iarbháis do gach Caecar a fuair bás.

[www.findmypast.ie/quakers](http://www.findmypast.ie/quakers)

Tá dhá chartlann réigiúnacha Caecair in Éirinn:

I Leabharlann Staire Chumann na gCarad Bhaile Átha Cliath tá taifid do Chaecair Éireannacha i bPoblacht na hÉireann:

Cumann na gCarad, Teach na gCaecar, Lána Stoicín, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 6.

Tá taifid do Thuaisceart Éireann ar fáil mar seo a leanas:  
Cumann na gCarad, Teach Tionól Lios na gCearrbhach, 4 Bóthar Magheralave, Lios na gCearrbhach, Co. Aontroma.

Tá roinnt cóipeanna de thaifid na gCaecar i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus ag PRONI I mBéal Feirste.

## Inscríbhinní ar Leaca Uaighe

Taifid d'inscríbhinní ar leaca uaighe thart ar Chontae Dhún na nGall, lena n-áirítear leagan amach don reilig:

- Achadh nUinseann [Leitir Ceanainn]
- Balleeghan [Mainéar Uí Chuinneagáin]
- Mainistir Bhéal Átha Seanaidh,
- Eaglais na hÉireann, Naomh Áine, Béal Átha Seanaidh
- An Bhroclais
- Reilig Charna, Paiteagó
- Eaglais Pharóiste agus Reilig Chonbháil [Leitir Ceanainn]
- Cluain Lao [Leifear]
- Reilig Dhrom Thuama [Baile an tSratha]
- Fionnúir [Bun Dobhráin]
- Gartán [Mín an Lábáin]
- Eaglais na hÉireann, Inbhear
- An tSeanreilig, Inbhear
- Eaglais na hÉireann Chill Leacht Aodha [An Bhroclais]
- Seanreilig Chill Leacht Aodha [An Bhroclais]
- Na Cealla Beaga
- Cill Mhic Réanáin
- Kilmonaster [Baile an Droichid]
- An Leac [Leitir Ceanainn]
- Seanreilig Mhachaire Gathláin [Cnoc Fola]
- Seantalamh Adhlactha Chlann Diarmada [Doire]

- Ardeaglais Naomh Adhamhnán, Ráth Bhoth
- Raymoghy [Mainéar Uí Chuinneagáin]
- Eaglais na hÉireann, Naomh Muire, Srath an Urláir
- Eaglais na hÉireann, Teach Baoithín [Baile Suingean]
- Tulach Dhúghlaise [Mín an Lábáin]
- Tulacha Beigile [Dún Fionnachaídh]
- Tullygaughnish [Ráth Mealtain]


[Donegal Graveyards Cuid 1-VII / Eileen Hewson, 2008.]

[Remembering the War Dead: British Commonwealth and International War Graves since 1914/ Fergus D'Arcy, 2007.]

Tá tuilleadh taifead ar fáil ar líne ag na naisc seo a leanas:  
[www.irishgraveyards.ie](http://www.irishgraveyards.ie)  
[www.donegalgenealogy.com](http://www.donegalgenealogy.com)



Mainistir Bhéal Átha Seanaidh,  
Bailiúchán Músaem Chontae Dhún na nGall



Línéir Mheiriceánacha i mbun an Phobail.  
Bailiúchán Músaem Chontae Dhún na nGall

## AN IMIRCE

### **Liostaí Paisinéiri**

**Tá roinnt liostaí paisinéiri ann (an mhórchuid do shoithigh ag fágáil Chalafort Dhoire) agus liostaí inimirce SAM:**

- Donegal Passengers on the Assisted Passenger List from Plymouth, England to Sydney, Australia (1848-1868), compiled by Richard Reid.
- Emigrants from Derry Port 1847-49 / Dessie Baker (ed.), 1985.
- Immigration of Irish Quakers into Pennsylvania 1682-1750 / Albert Cooke Myers, 1969.
- Irish Passenger Lists 1847-1871: Lists of passengers sailing from Londonderry to America on ships of the J&J Cooke Line and the McCormell Line, complied by Brian Mitchell, 1988.
- Emigrants from Ireland to America 1735-1743: A Transcription of the Report of the Irish House of Commons into Enforced Emigration to America / Frances McDonnell, 1992.

## I measc na liostaí eile tá:

- Assisted immigrants from Donegal arriving in Lyttleton, New Zealand, 1855-1874.
- Passenger list of the “Invercargill”, which sailed to New Zealand 1878 (65 passengers from County Donegal).
- Passenger list of the “Franklin”, Londonderry to Wilmington, Delaware, USA, 1840.
- Passenger list of the “Caribou” arrived Sydney, Australia 4th October 1859.
- The Famine Immigrants, Lists of Irish immigrants arriving at the Port of New York [7 volumes, 1846-1851].
- The Search for Missing Friends: Irish immigrant advertisements placed in the Boston Pilot [8 volumes 1831 – 1920].

Tá Taifid lompair Éire – an Astráil ar fáil ar líne: [www.nationalarchives.ie/article/penal-transportation-records-ireland-australia-1788-1868-2/](http://www.nationalarchives.ie/article/penal-transportation-records-ireland-australia-1788-1868-2/)

Is féidir teacht ar eolas ar Chailíní ar Dhílleachtaí iad a tháinig ó thithe na mbocht in Éirinn chun na hAstráile idir 1848 agus 1850 ag  
[www.irishfaminememorial.org/orphans/](http://www.irishfaminememorial.org/orphans/)

Tá bunachar sonraí agus eolas ginealais ar imircí as Éirinn (an mhórchuid acu go SAM) chomh maith le liostaí paisinéirí in ionad Dhaonpháirc Uladh-Mheiriceá do Staidéar ar Imirce.  
[www.qub.ac.uk/cms](http://www.qub.ac.uk/cms)

I measc na suíomhanna gréasán eile tá siad seo a leanas:

[www.donegalgenealogy.com](http://www.donegalgenealogy.com)  
[www.findmypast.ie](http://www.findmypast.ie)  
[www.ancestry.com](http://www.ancestry.com)  
[www.irishgenealogy.ie](http://www.irishgenealogy.ie)  
[www.libertyellisfoundation.org](http://www.libertyellisfoundation.org)  
[www.familysearch.org](http://www.familysearch.org)

[Across the Atlantic: Emigrating from Moville and Derry / Niamh Brennan agus Bernadette Walsh (eag.), 2009.

## EOLAIRÍ CEIRDE

Faoi na 1820idí bhí eolairí ceirde ag tosú a chlúdach iomlán na hÉireann. Tá Eolaire Pigot agus Eolaire Slater ar dhá cheann de na cinn is tábhacthaí. Tá cur síos mionsonraithe sa dá eolaire ar mhórán de bhailte agus sráidbhailte Dhún na nGall. Tá eolas iontu ar shuíomh, paróiste, stáisiúin iarnróid, eaglaisí, constáblacht, cúirteanna agus íoclanna. Tá liosta ann fosta de cheirdeanna agus gnólachtaí do mhórán suíomhanna.

## SA LÁRLEABHARLANN TÁ RÉIMSE D'EOLAIRÍ TRÁCHTÁLA, I BHFOIRM CHLÓITE AGUS I BHFOIRM MHICRIFÍSÉ.

- Eolaire Pigot ar Éirinn 1820, 1821, 1822 agus 1824
- Eolaire Slater ar Éirinn 1846, 1856, 1870, 1881 agus 1884
- Treoir Porter ar Dhéantóirí agus Seoltóirí na hÉireann/ Frank Porter, 1908.



# TAIFID MHÍLEATA

- Royal Irish Constabulary: A Complete Alphabetical List of Officers and Men, 1816-1922 / Jim Herlihy, 2001.
- Royal Irish Constabulary: A Biographical Dictionary and Genealogical Guide, 1816-1922 / Jim Herlihy, 2005.
- Royal Irish Constabulary List and Directory 1919.
- Royal Irish Constabulary Index microfiche.
- County Donegal Book of Honour: The Great War 1914-1918 / Donegal County Museum (5th ed.), 2019.
- Witness Statements 1913-1921 / Bureau of Military History [2 volumes]
- The Liam Ó Duibhir Archive – research materials relating to the War of Independence and the Irish Civil War.

## Cartlann Mhíleata na hÉireann

Is féidir teacht ar phinsin mhíleata na hÉireann agus taifid bonn sa Chartlann Mhíleata, Beairic Mhíleata Chathail Brugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6. Clúdaíonn a gcuid taifead Éirí Amach na Cásca agus Cogadh na Saoirse, baill d'Óglaigh na hÉireann, an tArm Náisiúnta, IRA, na hÓglaigh, Arm Cathartha na hÉireann agus Cumann na mBan. <http://www.militaryarchives.ie>

## Taifid Chonstáblacht Ríoga na hÉireann

In Iarsmalann na bPóilíní, lonnaithe i gCeanncheathrú an PSNI, Brooklyn, 65 Bóthar an Chnoic, Béal Feirste BT5 6LE, tá cóipeanna micreascannán de thafid seirbhíse Chonstáblacht Ríoga na hÉireann 1822 – 1922, a bhfuil a mbunchóipeanna in Oifig na dTaifead Poiblí, Kew, Londain, Sasana.

<https://www.psni.police.uk/inside-psni/our-history/police-museum/>

Is féidir teacht ar eolas faoi bhaill de chuid an Gharda Síochána, an Fórsa Póilíneachta a bunaíodh i ndiaidh Shaoirse na hÉireann in 1922, i gCeanncheathrú an Gharda Síochána, Páirc an Fhionnúisce, Baile Átha Cliath: [www.policehistory.com](http://www.policehistory.com)


Rinne An Garda Síochána agus  
Leabharlann Dhigiteach COBÁC Cláir  
Phearsanra Phólíní Chathair Átha  
Cliath agus an Gharda Sibhialta (An  
Garda Síochána) a dhigitíú:  
Póilíní Chathair Átha Cliath 1837- 1925  
An Garda Síochána 1922 -1924  
[https://doi.org/10.7925/drs1.  
ucdlib\\_53466](https://doi.org/10.7925/drs1.ucdlib_53466)

I gCartlann Náisiúnta na hÉireann tá  
bailiúchán d'Uachtanna saighdiúirí  
Éireannacha a fuair bás agus iad  
ar seirbhís in Arm na Breataine.

Tá a mbunús ón Chéad Chogadh  
Domhanda, ach tá dornán beag  
ó dheireadh an 19ú Céad agus ó  
aimsir Chogadh na hAfraice Theas,  
1899-1902: [www.soldierswills.  
nationalarchives.ie/search/sw/home.jsp](http://www.soldierswills.nationalarchives.ie/search/sw/home.jsp)

Seo roinnt suíomhanna míleata  
úsáideacha:

[www.archives.gov](http://www.archives.gov)  
[www.bureauofmilitaryhistory.ie](http://www.bureauofmilitaryhistory.ie)  
[www.decadeofcentenaries.com](http://www.decadeofcentenaries.com)  
[www.nationalarchives.gov.uk](http://www.nationalarchives.gov.uk)



Seosamh Mac Suibhne

# CARTLANN NA BPÁIPÉAR ÁITIÚIL

**Is foinse iontach ar stair theaghlaigh na nuachtáin aitiúla mar gur minic a bhíonn liosta acu de shonraithe breitheanna, básanna agus póstaí.**

**Tabhair do d'aire:** Moltar teagmháil a dhéanamh leis an Lárleabharlann roimh ré le coinne a chur in áirithe le breathnú ar gach nuachtán.

Tá na cinn seo a leanas ar Mhicreascannán:

- The Derry Journal: 1772 – 73, 1825, 1835 – an lá inniu
- The Donegal Democrat: 1919 – an lá inniu
- The Ballyshannon Herald: 1831, 1833, 1835 – 36, 1851 – 1883
- The Vindicator: 1906 – 1911, 1921 – 1956
- Donegal People's Press: 1984 – an lá inniu
- Derry People Donegal News: 1903 – 2010 (ar iarraidh 1922, 1931, 1942, 1972).
- 2011 – an lá inniu, ar fáil i gcóip chrua
- Inniú: 1943 – 1984

Tá na cinn seo a leanas ar fáil i gcóip chrua:

- Tirconaill Tribune 1991 – an lá inniu
- Inish Times 1999 – an lá inniu
- Inish Independent 2012 – an lá inniu
- Finn Valley Voice 1994 – an lá inniu
- The Irish Times: 1969 – 2011

Tá cartlann dhigiteach

The Irish Times ar fáil ag

[www.donegallibrary.ie/  
mainnavigation/onlinelibrary/  
research/](http://www.donegallibrary.ie/mainnavigation/onlinelibrary/research/)



Bailúchán Leabharlann Chontae Dhún na nGall

# LÉARSCÁILEANNA

**Is áis thábhachtach i dtaighde ar stair theaghlaigh iad léarscáileanna nó is minic a thaispeánann siad don taighdeoir an cheapach dhíreach ar chónaigh agur ar oibir a sinsir uirthi.**

Seo sampla beag de na léarscáileanna atá sa Lárleabharlann:

- Léarscáileanna Uladh 1609: Léarsail de Chontaetha Eiséata na hÉireann
- Léarscáileanna Barúntachta agus Paróistí Co.Dhún na nGall/Léarscáileanna Suirbhé an Dúin 1655-56
- Léarscáileanna Ard-Ghiúiré 1834-1842
- Tá Léarscáileanna Luacháil Griffith's 1857-58 le feiceáil ar líne ag [www.askaboutireland.ie/griffith-valuation](http://www.askaboutireland.ie/griffith-valuation)
- Léarscáileanna Suirbhéireachta Ordnáis – dara heagrán 1906
- Séadchomharthaí Taifeadta Chontae Dhún na nGall 1995 [le treoirleabhar tagartha]

Tá cuid mhór léarscáileanna stairiúla eile ar fáil sa Lárleabharlann.



# SCÉIM BHÉALOIDEAS NA SCOL 1937-38

In 1937 bhunaigh Coimisiún Béaloideasa Éireann i gcomhar leis an Roinn Oideachais scéim inar iarradh ar dhaltaí béaloideas agus stair áitiúil a bhailiú agus a bhreacadh síos. Mar thoradh air sin tá bailiúchán saibhir ann de bhéaloideas áitiúil, finscéalta, amhráin, nósanna agus creidimh, gach ceann acu ag baint lena áit féin. Cé nár ghlac gach bunscoil sa tír páirt inti, tugtar sa bhailiúchán foinse shaibhir de thraigisiúin áitiúla. Tháinig móran daoine ar ailt a scríobh duine dá muintir féin.

Tá liosta ionlán de na scoileanna i nDún na nGall a ghlac páirt ar fáil sa Lárleabharlann agus is féidir iad a fheiceáil ar mhicreascannán.

Tá an bailiúchán ar fáil fosta ar líne ag <https://www.duchas.ie/>

Scéaltai, the 1930s Schools' Manuscript Collection in County Donegal / Eithne Ní Ghallchobhair, 2017.

## IRISLEABHAIR

Sa Lárleabharlann tá rogha leathan d'irisleabhair reatha agus irisleabhair stairiúla; i móran acu tá eolas ar stair áitiúil atá úsáideach ag taighdeoir ar stair theaghlaigh. Seo thíos roinnt teidil a mholtar:

- Béaloideas 1928 - 2018 (tá roinnt imleabhar ar iarraidh)
- Clogher Record 1953 – 2012
- Donegal Annual 1947 – an lá inniu
- Irish Family History 1985 – 2006
- Irish Roots [iris]
- Ulster Folklife 1959 – 2015 (tá roinnt imleabhar ar iarraidh)

Tá irisleabhair ó Bhailiúchán an Léinn Éireannaigh ar JSTOR ar fáil ar líne i ngach brainse den leabharlann ag [www.donegallibrary.ie/mainnavigation/onlinelibrary/research/](http://www.donegallibrary.ie/mainnavigation/onlinelibrary/research/)

# LEABHAIR STAIRE ÁTIULA

Tá sé de chuspóir ag Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall gach rud a bhailiú agus a chaomhnú a scríobh údair as Dún na nGall, a foilsíodh i gContae Dhún na nGall nó a scríobhadh faoi. Go bunúsach tá baint idir stair theaghlaigh agus stair áitiúil; mar sin de is foinse luachmhar eolais é an bailiúchán seo agus tagann móran taighdeoirí ar an bhlúirín eolais sin ar dheacair leo teacht air roimhe sin agus cuirtear i gcríoch an tsárobair a rinne siad lena gcrann ginealaigh a rianú.

Seo a leanas sampla beag de leabhair staire áitiúla atá ar fáil sa Lárleabharlann:

- Ballyshannon Genealogy and History / Anthony Begley, 2011.
- History and Antiquities of Killybegs / Charles Conaghan, 1974.
- Neighbours in Pettigo / Dan Downing, 2018.
- The Tory Islanders: A People of the Celtic Fringe / Robin Fox, 1978.
- Convoy Village: Its People and Townlands / Aodh Gallagher agus Marie Slevin, 1996.
- Rambles around the Finn / David Kelly, 1992.
- A Local History of Lifford / Lifford I.C.A., c.1970.
- Mevagh Down the Years / Leslie Lucas, 1962.
- Glencolmcille: A Parish History / Conall Mac Cuinneagáin, 2002.
- An Historical, Environmental and Cultural Atlas of County Donegal / Jim Mac Laughlin agus Seán Beattie, 2013.
- A Short History of Gaoth Dobhair / Paul McGeady, 1998.
- History of the Parish of Ardara / P.J. McGill, 1970.
- Cloughaneely Myth and Fact / Gerry McLaughlin, 2002.
- Inver Parish in History / Helen Meehan, 2005.
- Our Town: Letterkenny and Hinterland / Naoi nGiallach, 1998.
- Donegal History and Society / Liam Ronayne et al. (eds.), 1999.
- Where Erne and Drowes Meet the Sea / P. Ó Gallachair, 1961.
- About Raphoe / Raphoe I.C.A., 1998.
- The Book of Inishowen / Harry Percival Swan, 1938.

# Cartlann Chontae Dhún na nGall



Cartlann Contae Dhún na nGall  
Grianghraif: Paul McGuckin

Tá Cartlann Chontae Dhún na nGall lonnaithe in ionad na dTrí Abhainn, Leifear, Contae Dhún na nGall.

Tel: +353 74 9172490

E-mail: archivist@donegalcoco.ie

Le tuilleadh eolais a fháil ar fhoinsí seiceáil: [www.donegalcoco.ie/culture/archives](http://www.donegalcoco.ie/culture/archives)

**Is doiciméid iad cartlanna a bhfuil buanluach leo a thugann fianaise ar ghníomhaíochtaí duine nó institiúide.**

Bíonn foirmeacha éagsúla leo lena n-áirítear cinn scríofa, grianghraif, íomhá ghluaisteach, fuaim, digiteach agus analóg.

Is e misean Chartlann Chontae Dhún na nGall oidhreacht dhoiciméadaithe an chontae a chaomhnú, a shealbhú agus a chur ar fáil do mhuintir Chontae Dhún na nGall, do na glúnta atá ann agus na glúnta atá le teacht.

Tá éagsúlacht leathan d'ábhar cartlainne ag Cartlann Chontae Dhún na nGall atá úsáideach ag scoláirí, staraithe áitiúla, ginealeolaithe agus taighdeoirí ar stair theaghlaigh.

# Digitíú

Tá Cartlann Chontae Dhún na nGall, i gcomhpháirt leis an tsuíomh gréasáin Stair Theaghlaigh Find My Past, i ndiaidh corradh le 400,000 taifead de Thithe na mBocht Dhún na nGall a dhigitíú agus a fhoilsíú. Sna taifid sin tá tras-scríbhinní agus íomhánna de bhunchláir iontrála agus scaoilte amach chomh maith le leabhair tuairisci caomhnóirí a chlúdaíonn na blianta 1840 go 1922.

Clúdaítear sna bailiúcháin na haontais i mBéal Átha Seanaidh, Dún na nGall, Dún Fionnachaíd, na Gleannta, Inis Eoghain, Leitir Ceannáinn, Baile na nGallóglach agus Srath an Urláir. Chomh maith le cláir agus leabhair tuairiscí, tá cuntais, cláir bháis, litreacha, cláir fóirithinte, conarthaí soláthraithe agus tuilleadh.

Is féidir rochtain a fháil ar bhunús na ngnéithe ar an tsuíomh gréasáin seo saor in aisce ag leabharlanna agus Cartlann Dhún na nGall. [https://search.findmypast.com/search-ireland-records-in-institutions-and-organisations/and\\_workhouses-and-poor-law](https://search.findmypast.com/search-ireland-records-in-institutions-and-organisations/and_workhouses-and-poor-law)

A photograph of a handwritten ledger page from the Tithe Commission of 1848. The page is filled with a grid of names and figures, likely representing landholdings or tithe payments. The handwriting is cursive and somewhat faded. The page is framed by a dark border.

Liosta na inimircigh féideartha ó Tithe na Bocht Leitir Ceannáinn, 1848  
Cartlann Chontae Dhún na nGall

# Foinsí agus Áiseanna atá ar fáil i gCartlann Chontae Dhún na nGall

## Suirbhé thopagrafach Griffith ar pharóistí Dhún na nGall 1833 – 1859

Ní bhaineann na 52 leabhrán suirbhé lámhscriofa sa bhailiúchán seo ach le hairnéisí ar fiú corradh le £5 iad. Tá cur síos iontu ar an méid talaimh; an ráta ar gach acra reachta; méid (luach) an talaimh; agus tugtar líon na dtithe. Mura bhfuil tithe ann ar fiú corradh le £5 iad, tá ráiteas ann nach bhfuil ‘aon tithe sa bhaile fearainn seo ar fiú £5 sa bhliain iad’.

Sa chur síos iomlán ar an talamh tá draenáil, rílíf agus caighdeán na hithreach. Tá tuilleadh réamhshuirbhéanna lena n-áirítear leabhair pháirce agus leabhair tí le feiceáil ar líne ag:


[http://census.nationalarchives.ie/  
search/vob/home.jsp](http://census.nationalarchives.ie/search/vob/home.jsp)

## Cláir Luachála Ghinearálta, c.1917 to 1990

(Tabhair do d'aire: tá cuid de na cláir ó na 1890idí. Tá cinn éagsúla a tháinig slán agus dátaí éagsúla ann).

Seo na cláir a tháinig i ndiaidh Luacháil Griffith a bhí ann roimhe. Tá liostá iontu d'áititheoirí agus úinéirí talaimh agus réadmhaoine i nDún na nGall agus tugann siad cuntas ar an méid a bhí le híoc i rátaí ag gach teaghlaach. Tá siad innéacsaithe de réir a dtoghcheantair agus a mbaile fearainn.

Tá bearnaí sa bhailiúchán seo. Tá tacar níos iomláine ar fáil le breathnú air san Oifig Luachála i mBaile Átha Cliath.



## Cláir toghthóirí (vótálaithe), c.1880s – 1980s

Leasaíodh an córas vótála ó 1898 go 1918, rud a d'fhág gurbh fhéidir níos mó gnáthdhaoine a chur ar an chlár. I ndiaidh 1898 tá mná le feiceáil ar chláir mar thoghthóirí do rialtas áitiúil, mar thoghthóirí teoranta parlaiminte i ndiaidh 1918 agus mar thoghthóirí i omlána i ndiaidh 1922. Tá éagsúlacht mhór sa ráta marthanachta do chláir toghthóirí Chontae Dhún na nGall. **Liosta de réir dáta de na cláir a coinníodh:**

**1886:** Ceantar vótála Charn Domhnach

**1889:** Ceantair vótála an Bhaile Nua agus Chill Mhic Réanáin; Béal Átha Seanaidh

**1894 – 1895:** Na ceantair vótála seo – an Clochán Liath, Dún Fionnachaidh, Leifear, Leitir Ceanainn, Srath an Urláir, Mín an Lábáin; Dún na nGall Theas; na Cealla Beaga; Paiteagó

**1898:** Ceantair vótála Bhaile an tSratha

**1902:** Na ceantair vótála seo – Leitir Ceanainn; Alt na Péiste, an Clochán, Ard an Rátha, Baile na Finne; an Ghrafaidh agus na ceantair vótála seo – Gleann Léithín (na Gleannta), an Más, Árainn, Damhros, An Machaire, Inis Mhic an Doirn, Anagaire, Cró Bheithe, an Dúchoraidh, an Clochán Liath, Leitir Mhic an Bhaird

**1914:** Ceantar Bhun Cranncha

Registration Unit of Ills. Parliamentary Polling District of Buncrana.			
Registration Number & Name of Polling District	Hundred	Parish or Townland	Division of Polling District
1. Buncrana, East	Buncrana	Buncrana	Donegal
2. Buncrana, West	Buncrana	Buncrana	Donegal
3. Buncrana, Philip	Buncrana	Buncrana	Donegal
4. Buncrana, John Flanagan	Buncrana	Buncrana	Donegal
5. Buncrana, William	Buncrana	Buncrana	Donegal
6. Buncrana, East	Buncrana	Buncrana	Donegal
7. Buncrana, Frank	Buncrana	Buncrana	Donegal
8. Buncrana, Amond	Buncrana	Buncrana	Donegal

Clár na dToghthóirí do Bhun Cranncha  
Cartlann Chontae Dhún na nGall

**1919:** Toghcheantar na nGleannta (Dún na nGall Thiar)

**1925 – 1926:** Toghcheantar Dhún na nGall Theas, Toghcheantar Bhaile na nGallóglach; Toghcheantar na nGleannta

**1929 – 1930:** Toghcheantar Dhún na nGall Theas; Toghcheantar Bhaile na nGallóglach; Toghcheantar na nGleannta

**1936 – 1937 agus ó 1963 – 1989:** Tá cláir toghthóirí ann do gach toghcheantar De ghnáth tá cláir atá thar 30 bliain d'aois ar fáil le daoine breathnú orthu. Tá roinnt cláir Toghthóirí don tréimhse 1938 – 1962 sa Chartlann Náisiúnta agus sa Leabharlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath.

## Liosta Giúróirí: Liostaí de dhaoine a roghnaíodh mar ghiúróirí do na blianta 1913, 1921, 1923, 1929

Tugann na liostaí seo eolas suntasach lena n-áirítear ainm, áit chónaithe; cineál cailíochta, e.g. ‘sealbhóir tí fostaithe rátaithe’, teideal nó gnó. Tá liostaí ann den chuid is mó de na toghcheantair ach tá éagsúlacht sna dátaí do na taifid a mhair.

### Taifid Ardghiúiré Dhún na nGall: 1753 – 1899



Ard-Ghiúiré deireanach Dhún na nGall  
Cartlann Chontae Dhún na nGall

Mhair Ardghiúiré in Éirinn ó aimsir na Normannach. San Ardghiúiré i ngach contae bhí tiarnaí talaimh, a roghnaigh an Siriam Contae. I gceannas ar an Ardghiúiré bhí Breitheamh Seisiúin agus mar sin níor mhair sé mar chorparáid. Dhéantaí Seisiúin a réachtáil dhá uair sa bláthain. Roimh na seisiúin scairtí seisiúin tuairiscí i ngach barúntacht ina ndéantaí plé ar mholtaí ar obair a bhí le déanamh agus ansin chuití iad faoi bhráid an Ardghiúiré lena ndaingniú. Ar na seirbhísí a chuir Cess an Ardghiúré (ráta cánach a d’íocadh na háititheoirí) ar fáil agus ar íoc siad astu bhí déanamh agus cóiriú bóithre agus droichead, tógáil tithe cúirte agus taibhiú le tacú le hospidéil, scoileanna agus príosúin.

Cuireadh deireadh le feidhmeanna riarracháin na nArdghiúiréithe in 1898 leis an bhealach a réiteach don chóras dhaonlathach nua-aimseartha de rialtas áitiúil atá againn inniu.

### I measc na dtáifead bhí:

Tuairiscí ar oibreacha a rinne conraitheoirí do na Seisiúin. Tugann siad ainmneacha conraitheoirí ar thionscadail mar obair ar bhóithre agus ar dhroichid; ospidéil; prósúin; scoileanna; do sheirbhísí lena n-áirítear aistriúchán ó Ghaeilge agus le freastal ar ‘pháistí tréigthe.’ Dátaí do thaifid a mhair : 1753 – 1769; 1768 – 1783; 1769 – 1778; 1793 – 1798; 1807 – 1808; 1809 – 1810; 1831; 1840; 1841; 1844; 1845; 1847; 1848; 1849; 1856; 1857; 1867; 1868; 1870; 1873; 1874; 1876; 1877, 1878, 1879, 1880, 1886, 1890, 1891, 1892, 1894, 1898.

Léarscáil Ardghiúiré de Dhún na nGall,

1801

Miontuairiscí cruinnithe d’Ardghiúiré Dhún na nGall: 1815 – 1857

Liosta de bhaill Ardghiúiré Dhún na nGall, 1835 – 1892

Liosta de Bhailitheoirí Cess/Cháin Ardghiúiré, 1816 – 1892


Comhfhareagras idir na baill dheireanacha d’Ardghiúiré Dhún na nGall agus baill nuathofa ar Chomhairle Contae Dhún na nGall, 1898 – 1899

Grianghraif d’Ardghiúiré deireanach

Dhún na nGall, 1899

### Aontais Dhlí na mBocht: Tithe na mBocht agus Ospidéil, 1840 - 1922

Faoi Acht Dhlí na mBocht 1838, roinneadh Éire in Aontais nó i gceantair Dhlí na mBocht, gach ceann acu faoi stiúir Bhord Caomhnóirí. Ba é príomhchúram na mbord reáchtáil thithe na mbocht a stiúradh. Bhí ocht dteach na mbocht i gContae Dhún na nGall. Tógadh iad uilig go luath sna 1840idí – Béal Átha Seanaidh, Dún na nGall, Dún Fionnachaidh, na Gleannta, Inis Eoghain, Leitir Ceanaínn, Baile na nGallóglach agus Srath an Urláir. Tugadh feidhmeanna eile do na boird le himeacht ama, lena n-áirítear ospidéil fiabhras a thógáil agus a reáchtáil, vacsaíniú a chinntíú agus íoclanna a bhainistiú. Cuireadh deireadh le córas Thithe na mBocht faoin tSaorstát Éireann nua in 1922.



### I measc na dtaifead bhí:

Tuairiscí na gcuinnithe ag Bord na nGobharnóirí a bhí mar bhainisteoirí ar thithe na mbocht, 1840 – 1922. Sna miontuairiscí tá cinntí a rinneadh ar chúrsaí lena n-áirítear bailiú rátaí, cothabháil an fhoirgnimh, teach na mbocht, foireann ospidéil, soláthraithe, ceisteanna smachta, sláinte phoiblí etc. I measc na n-ainmneacha a ndéantar tagairt dóibh tá na Caomhnóirí iad féin, an Máistir, an Mátrún, altraí, múinteoirí, maoir, bailitheoirí rátaí etc. Luitear festa conraitheoirí amhail soláthraithe aráin, coirce, ábhair etc. I gcásanna áirithe pléitear othair i dtithe na mbocht, de ghnáth faoi chás éigin smachta nó riarracháin. I roinnt de na leabhair tuairiscí luitear faoi othair ar leith gur cuireadh ar liostaí iad le haghaidh imirce faoi scéimeanna imirce rialtais ar leith.

## Cláir Iontrála & Seaoilte Amach agus Cláir Fóirthiunte Taobh Istigh/Taobh Amuigh

Tugann siad seo ainm, aois, seoladh (baile fearainn), reiligiún, slí bheatha etc, daoine aonair ag iarraidh fóirthiunte; easlán no tinn; dáta iontrála agus scaoilte amach nó báis.

Mhair na cláir iontrála nó fóirthiunte a leanas:

Béal Átha Seanaidh (lig an teach na mbocht seo isteach daoine as codanna

d'Fhear Manach chomh maith le deisceart Dhún na nGall): 1906 – 1924. Dún na nGall: 1914 – 1924. Dún Fionnachaidh: 1891 – 1915. Na Gleannta: 1850 – 1866; 1884 – 1895; 1899 – 1907; 1914 – 1921 Ionrálacha in Ospidéal Fiabhras na nGleannta, 1913 – 1921. Inis Eoghain: 1843 – 1859; 1899 – 1918. Leitir Ceannainn: 1855 – 1878; 1864 – 1878; 1910 – 1922; clár íoclainne , 1843 – 1858. Baile na nGallóglach: 1847 – 1923; 1855 – 1897; 1919 – 1923.

### Taifead Básanna:

Baile na nGallóglach: 1853 – 1893; 1899 – 1918.

Leitir Ceannainn: 1910 – 1922.

### Leabhar Pionóis:

Teach na mBocht Bhaile na nGallóglach, 1879 – 1896.

### Cláir Íoclainne:

Srath an Urláir agus Cúil na gCuirridín 1852 – 1899: ag tabhairt ainmneacha na mball fairne, amhail oifigigh leighis agus mná glúine.

**TABHAIR DO D'AIRE:** I dTeach na mBocht an tSratha Bháin tá taifid do chuid d'oirtheor Dhún na nGall amhail Leifear, Ráth Bhoth, Baile Suingeán, Conmhaigh etc. I dTeach na mBocht Dhoire ligeadh isteach daoine as an Bheart, Cill Fhéich, an Baile Nua agus chomh fada ó thuaidh le Fathain. (Tá taifid Theach na mBocht an tSratha Bháin & Dhoire in Oifig na dTaifead Poiblí Thuaisceart Éireann

## An Bord Sláinte agus Cúnaimh Phoiblí, 1924 - 1942

Mhair an Bord Sláinte & Cúnaimh Phoiblí ó 1924 go 1942. I ndiaidh a dhíscailte, glacadh a bhfeidhmeanna isteach sa Chomhairle Contae.

Ar na taifid a mhair tá imleabhair ina bhfuil miontuairiscí chruinnithe an Bhoird agus a fhichoistí. Sna tuairiscí mionsonraithe sin tá comhfhereagras agus tagairt d'íocaíochtaí le gairmithe leighis do dhualgais éagsúla, lena n-áirítear seirbhísí máithreachais agus tinreamh íoclainne; agus cúrsaí eile fairne. I measc na gcúrsaí eile tá cúnamh dífhostaíochta; bainistiú in ospidéil cheantair; bainistiú Theach Cónaithe an Chontae i Srath an Urláir; teachíní oibrithe; altramú páistí.

Faoi Choistí eile a bunaíodh faoin Bhord tá ábhair amhail galair thógálacha; scéimeanna scoile leighis agus bainne; múchadh tine; soláthar uisce; séarachas. Tá tuairiscí míosúla ar oifigigh lena n-áirítear Oifigeach Leighis an Chontae, Altraí Ceantair agus Oifigeach Eitinne.

## Ospidéil Cheantair & Íoclanna

Níl ann ach dornán beag earraí a tháinig slán a bhaineann le hospidéil chontae i gContae Dhún na nGall, an chuid is mó acu ó go luath sa 20ú céad go dtí a lár. I gcuid mhór acu seo tá ainmneacha na mball fairne a d'oibrí sna hospidéil.

### I measc na dtáifead tá:

Cláir Fóirthinte Leighis Bhéal Átha Seanaidh, 1915 – 1943;

Leabhar Tuairisce an Oifigigh Leighis, Íoclann Bhéal Átha Seanaidh, 1899 – 1944;

Clár Iontrála, Béal Átha Seanaidh, 1924 – 1928;

Leabhar Tuairiscí Choiste Ospidéal Fiabhras na nGleannta, 1922 – 1923;

Clár Ospidéal Fiabhras Leitir Ceannainn, 1924 – 1927;

Leabhar Lae, Ospidéal an Chontae, Leifear, 1924;

4 x Leabhair Chothaithe, Ospidéal an Chontae, Leifear, 1924 – 1928;

Cuntais agus Miontuairiscí, Ospidéal Fiabhras Ráth Mealtain, 1891 – 1914; Clár Vacsaínithe, 1926 – 1928.

**Tabhair do d'aire:** Níl cead ag an phobal rochtain a fháil ar thaifead ar bith a bhaineann le sláinte atá níos lú ná 100 bliain d'aois ach is féidir eolas a fháil don teaghlaigh/do shliochtaigh.

# Ospidéal Meabhairghalair Cheantar Dhún na nGall/ Ospidéal Naomh Conall, 1866 - 1958

I measc na dtáifead tá:

Cásleabhair d'othair, 1896 – 1910.


Cláir Scaoilte Amach agus Báisanna lena gclúdaítear 1866 – 1892.

Cláir d'othair ó 1866 go 1933.

Leabhair innéacs cláir agus leabhair ordaithe fáiltithe d'othair: 1896 – 1958.

Clár foirne 1909 – 1915.

**Tabhair do d'aire:** Níl cead ag an phobal rochtain a fháil ar thaifid othair Naomh Conall ach is féidir eolas a fháil don teaghlaach/do shliochtaigh.



Geataí ospidéal Naomh Conall  
Bailiúchán Músaem Chontae Dhún na nGall

## Páipéir um Eastáit Talún Dhún na nGall c.1700 - 1950

Sna páipéir eastáit ó áiteanna éagsúla ar fud Chontae Dhún na nGall tá cíosanna agus comhfhereagras.

### Alexander Murray Stewart -

Iardheisceart Dhún na nGall lena n-áirítear Cill Charthaigh agus na Cealla Beaga: cíosanna, léasanna, comhfhereagras, c.1780 – 1900 (le bearndi).

### Edward Harvey - Lodain, Bun Cranncha, Inis Eoghain 1879:

Léarscáileanna den eastát le hainmneacha, c1900.

**Colonel Kennedy** - Caiseal na gCorr, Bealtaine uachtarach, Baile an Phunta, (Ceantar Chloich Cheannaola): cíos 1869.

**John and Abraham Hamilton** - Béal an Átha Mhór agus Baile na Finne: cíosanna, 1818, 1849.

### Teaghlaich Montgomery agus

**Teaghlaich Boyton** - Convoy House, Conmhaigh: bailiúchán suntasach lena n-áirítear comhfhereagras, gníomhais dlí, cíosanna, grianghraif agus cuntais feirme don Eastát, c. 1780 – 1900.

**Teaghlaich Grove** - Castlegrove, Leitir Ceanainn: clár cíosa breithimh, leabhair chuntais feirme, litreacha, 1870idí – 1880idí.

### Richard agus Jane Doherty -

Barúntacht Oirtheorl Inis Eoghain lena n-áirítear Bun an Phobail: fógraí éirí as, 1866 – 1868

### Steele Nicholsons - Teach Falmore,

Gleann Daoile, Inis Eoghain: cíosanna, gníomhais dlí lena n-áirítear léasanna, tíolacais, nuachtáin, Uachtanna, comhfhereagras, dialanna agus grianghraif, 1780idí – 1890idí.



Teaghlaich Boyton, Teach Convoy  
Cartlann Chontae Dhún na nGall

### Alexander Stewart of Ards,

Dún Fionnachaidh: mórléabhar comhaontais idir Stewart agus tionóntaí, 1856 – 1896 agus Cuntas lontaobhaí ar uacht Alexander Stewart (1873).

**Captain Humfrey**, Teach an Chabháin Chorr: cíos, 1822 – 1835.

### Lord Leitrim (Clements Phánada):

cíosanna agus léarscáileanna ón 19ú céad.

**John Stouppe Charley**- Árainn Mhór, 1862 – 1885: cíos.

**Marquis Conyngham** - Sliocht as eastáit Theideal Conyngham's estates: cíos eastáit i Srath an Urláir, 1887.

**Minchin Lloyd** - Crosconnell, Cluain Maine: cíos agus cuntais an eastáit, 1798 – 1820.

**Sir Arthur Chichester**- Paróiste Bhun an Phobail: cíos tailte a bhí á ndíol, 1851.

**Robert Sweeney** - Béal Átha Seanaidh & Bun Dobhráin: cíosanna réadmhaoine, 1915 -1918.

**Henry Brooke** – Leitir Ceannainn: imleabhar ceangailte de léarscáileanna esatáit de chodanna de Leitir Ceannainn agus a himeall le liosta de thionóntaí, 1845 – 1850.

**Stewarts, Hewetsons, Johnstones** - Teach Lough Veagh, Gartán: Uachtanna agus Tíolacás, lár-deireadh an 19ú Céad.

## Ginealach Chlann Uí Dhónaill

Sna taifid seo a thiomsaigh Rupert S. Ó Cochlain tá:

- Scrolla maisithe i Laidin ina dtugtar stair mhionsonraithe de chlann Uí Dhónaill chomh maith le craobh ghinealaigh agus suaitheantais teaghlaigh.
- Clár de chomhfhreagras idir baill Spáinneacha Chlann Uí Dhónaill, Maidrid agus áiteanna eile agus clann Uí Dhónaill in Éirinn, a scríobhadh sna 1870idí.
- Leabhar Ginealaigh, le tras-scríbhinní ó mhórán leabhar, ailt agus cartlanna ar cheisteanna éagsúla a bhaineann le clann Uí Dhónaill agus clanna Gaelacha eile.
- ‘Leabhar Dánta’ de chuid Chlann Uí Dhónaill ina bhfuil scríbhinní agus filíocht, prós agus nodaireachtaí stáiriúla, a mbunús sa Ghaeilge, agus an chuid is mó ó leabhar Thomáis Uí Cheallaigh ‘A Poem Book of The O'Donnells’.
- Cóipeanna d'earraí éagsúla a bhaineann le ginealach chlann uí Dhónaill agus teaghlaigh gaolta leo san Eoraip, lena n-áirítear an Ostair agus an Spáinn.

## Clár Cánach Mótair, 1903 – 1923

Céad Chlár Carranna agus Gluaisrothar i gContae Dhún na nGall ag Comhairle Contae Dhún na nGall.

**Tabhair do d'aire:** Tá cláir chánach mhótair ó 1951 go 1992 i mbailiúchán na Cartlainne. Cé nach féidir breathnú orthu seo de ghnáth sa Chartlann is féidir le foireann na Cartlainne eolas a iarrtar a bhaint amach do thaighdeoirí.



Bailiúchán Joe O'Loughlin  
Cartlann Chontae Dhún na nGall



## Coimisiún na Talún

In 1881 bunaíodh Coimisiún Talún na hÉireann le cíosanna cothroma a shocrú. In 1885 d'athraigh Acht Talún Chill Dhéaglán príomhfheidhm an choimisiúin ó chíosanna a shocrú go heastait a bhriseadh agus cuidiú le tionóntaí a gcuid gabháltas a cheannach. Idir c. 1885 agus 1920 mhaoirsigh an coimisiún aistriú 13,500,000 acra.

- Cúirt Choimisiún na Talún, lúil 1883, Mí na Nollag 1891, Eanáir 1892:
- Doire, Leitir Ceanainn agus Srath an Urláir, an Srath Bán (Co. Thír Eoghain): liostaí d'éisteachtaí cúirte a bhí le héisteacht ag Coimisiún na Talún a bhain le tailte agus tionóntaí.
- 1889: Srath an Urláir agus na Gleannta, ibid. 1890: na Gleannta. Liostaíonn ainmneacha tionóntaí, tiarnaí talaimh, aontas, toghroinn, baile poist, luacháil dhlí na mbocht, cíos agus cíos breithiúnach.
- Sceideal Choimisiún na Talún de thalamh gan tionóntaí i seilbh Lady Ena Dingwall Tosca Stewart-Bam agus Charles F. Stewart ar an Fhál Charrach agus i gCill Mhic Réanáin, 1924.
- Coimisiún na Talún, liostaí cúirte do Leitir Ceanainn agus Deisceart Dhún na nGall, do thalamh a díoladh c1900.

Go náisiúnta, níl pleannanna ann faoi láthair an 8 milliún de thaifid Choimisiún Talún na hÉireann a chur ar fáil go forleathan don phobal le haghaidh taighde nó le haghaidh rud ar bith eile.

## Gníomhais Dlí agus doicimeid, c1750 – 1970

Gníomhais Dlí ó gach cearn den tír lena n-áirítear léasanna, doiciméid phrobháide, tíolacais, litreacha riarracháin eastáit, Uachtanna, fóiliónna, socruithe, Cumhacht Aturnaetha, Sleachta Teidil, Sannta, Aontuithe, Sceideal doiciméad, comhaontaithe, doiciméid chuardaithe, morgáistí.

**Tabhair do d'aire:** Tá teorainn ar chuid d'earraí an 20Ú céad mar gheall ar cheisteanna príobháideachais agus sonrai.

## Cúirteanna Gearra 1828 – 1857

I dtaiwidh na gCúirteanna Gearra tugtar ainmneacha na ndaoine a bhí os comhair na cúirte i gcásanna Sibhialta agus i gcásanna Coiriúla.

- Béal Átha Seanaidh, 1828 – 1855
- An Baile Nua, 1842 – 1857

## Cláir Adhlactha/

## Léarscáileanna c1938 - 1970

- Cláir adhlactha ó 1938 go c1970
- Baile Suingean, Raymoghey (Mainéar Uí Chuinneagáin), Baile an Mhuilinn (an Bheart), Achadh nUinseann, Killydonnell agus an Leac (Leitir Ceanainn), léarscáil de reiligid na gCealla Beaga.

## Taifid Scoileanna Náisiúnta c1850 – 1980



Scoil Náisiúnta an Bhaile Nua  
Cartlann Chontae Dhún na nGall

**Leabhair Thinrimh Scoileanna  
(Bunscoileanna) Náisiúnta,  
clair agus leabhair tuairisci  
cigirí do chuid mhór  
bunscoileanna i gContae Dhún  
na nGall, lena n-áirítear na cinn  
nach bhfuil ann níos mó agus na  
cinn atá ann ar fad.**

Le liosta ionlán agus nuashonraithe a  
fháil amharc  
[www.donegalcoco.ie/culture/archives](http://www.donegalcoco.ie/culture/archives)

Tá rollaí agus cláir atá thar 100 bliain  
d'aois ar fáil go ginearálta do dhaoine  
le breathnú orthu; tá teorainn ar  
bhreathnú ar earraí faoi 100 bliain  
d'aois ach is féidir eolas a bhaint  
amach do bhaill teaghlaigh.


## Réamhscoil Leifear 1880 – 1971

- Leabhar Rolla (1930 – 1959)
- Cláir daltaí, 1921 – 1970
- Tuairisci ardmháistrí, 1929 -1971
- Taifid scrúduithe, 1889 - 1971
- Leabhair agus cláir Thuaírisce  
Thinrimh: ina bhfuil ainm agus uimhir  
daltaí ar an chlár, rang, airgead a  
fuarthas i stáiseanóireacht agus i  
dtáillí, líon na dtinreamh
- Taifead pionóis etc. 1880 – 1971 (le  
bearnaí)

## Scoil chairte Ray, Mainéar Uí Chuinneagáin, 1794/1816

- Leabhar cigire, 1794
- Miontuairisci chruinnithe bhord na  
scoile, 1816, le tagairtí do bhuachaillí  
na scoile.

## Údaráis Áitiúla Dhún na nGall, Tuairisci cruinnithe 1896 –




I dTaifid Údaráis Áitiúla Dhún na nGall, sna forais atá ar marthain agus sna forais réamhtheachtaí tá ainmneacha na mball údárás áitiúil, ainmneacha na mball foirne agus daoine eile. Sna taifid atá tábhachtach tá:

- Mintuaírisí cruinnithe de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall ó 1899.
- Cláir thinrimh na Foirne agus na Comhairle.
- Mintuaírisí cruinnithe de chuid Chomhairlí Ceantair Uirbigh Leitir Ceanainn, Bhun Cranncha agus Bhun Dobhráin, 1899 – 2014.
- Mintuaírisí cruinnithe de chuid Chomhairlí Ceantair Tuaithé Bhéal Átha Seanaidh, Dhún na nGall, Dhún Fionnachaidh, na nGleannta, Inis Eoghain, Leitir Ceanainn, Dhoire Uimh. 2, Bhaile na nGallóglach, an tSratha Bháin Uimh. 2, Srath an Urláir, 1899 – 1925.
- Coimisinéirí Baile Bhéal Átha Seanaidh, mintuaírisí cruinnithe, 1896 – 1963.
- Coimisinéirí Baile Leitir Ceanainn, comhfhereagras, 1880s – 1890s

## Teachíní Oibrithe, c.1890 - 1950

**T**hóig údaráis áitiúla amhail Boird Gobharnóirí, Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairlí Ceantair Tuaithe teachní d'oibrithe faoi reachtaíocht ag deireadh an 19ú céad agus ina dhiaidh. Sna doiciméid a mhair a bhaineann le stair theaghlaigh tá cláir de na daoine a fuair tithe, iarratais ar thithe; tuairiscí cigirí, léarscáileanna, pleannanna; líníochtaí; taifid a bhaineann le riart na scéimeanna éagsúla tithíochta (Tá roinnt srianta ann.)



# Bailiúcháin Phríobháideacha Shuntasacha

---

mbailiúcháin i gCartlann Chontae Dhún na nGall tá taifid a d'fhéadfadh a bheith úsáideach agus stair theaghlaigh á rianú ag duine:

▪ **Bord Dhún na nGall de CLG**

(Cumann Lúthchleas Gael) tá miontuairisci cruinntithe de chuid an Bhoird agus coistí chomh maith le cláir, miontuairisci cruinntithe agus comhfhereagras.

▪ **Óstán Ghaoth Dobhair agus Loch Suílí** I leabhair na gcuairteoirí tá ainmneacha daoine saibre agus go minic ainmneacha daoine mór le rá ar cuairt sa chontae.

▪ **Bailiúchán Joseph Murray** (1920 – 1922) tá ainmneacha daoine a ghlac páirt i gCogadh na Saoirse le Murray.

▪ **Bailiúchán Chumann Staire an Athar Pádraig Ó Gallchóir agus Chontae Dhún na nGall** tá comhfhereagras, ailt, gearrtháin nuachtáin agus grianghraif a bhaineann leis an tsochaí agus a baill, agus le gineelas Dhún na nGall. Tá doiciméid ann ar chlann Uí Dhónaill, clann Uí Shiail agus clann tSuibhne, Bhéal Átha Seanaidh, eastát Montgomery i gConmhaigh, Hugh Allingham, clanna Ghleann na Finne; agus mórán taifead eile; c. 1940 – 1980.

▪ **Robert Moore, Cléireach Aontas Inis Eoghan**, Bailiúchán de pháipéir a bhaineann le ceisteanna teaghlaigh

agus gnónna áitiúla i gCarn Domhnach agus Bun Cranncha.

▪ **Monarcha Léinte Bhun Cranncha** taifid fostaithe ó 1935 go 1979. Tabhair do d'aire: rochtain theoranta.

▪ **Bailiúchán Daniel Doherty**. Chuaign Daniel Doherty ar imirce ó Chionn Mhálanna go Boston. Bailiúchán de pháipéir phríobháideacha, a bhaineann den chuid is mó lena bhallaíocht sheasmhach i gCumann Dhún na nGall in Boston, a stocaireacht faoi athaontú na hÉireann agus a ghníomhaíochtaí polaitiúla in Boston. A mbunús ó na 1950idí go dtí na 1970idí.

▪ **Cumainn Altraí Ceantair** d'Fhánaid, an Baile Nua, an Bheart, Cill Fhéich agus Béal Átha Seanaidh: ina bhfuil eolas ar fhostú altraí ceantair. 20Ú céad.

▪ **Coistí Contae Talmhaíochta a bhunaigh Roinn Talmhaíochta agus Treorach Teicniúla na Breataine le cúrsaí a bhaineann le talmhaíocht a riarr agus tacáiocht ghinearálta talmhaíochta agus gheilleagar tuaithe ar fud na hÉireann. Tá bailiúchán suntasach ann de chuid Choiste Talmhaíochta Chontae Dhún na nGall, lena n-áirítear miontuairisci cruinntithe agus litreacha ón Roinn. Tá liostáí ann de bhuaiteoirí, tá ainmneacha soláthraithe agus na ndaoine ar an choiste. 1909 – 1988.**

# Músaem Contae Dhún na nGall



Músaem Chontae Dhún na nGall  
Grianghraif: Paul McGuckin

Tá Músaem Contae Dhún na nGall suite ar an Bhóthar Ard, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall  
T +353 (0)74 9124613  
E [museum@donegalcoco.ie](mailto:museum@donegalcoco.ie)

## CEAD ISTEACH SAOR IN AISCE


### Uaireanta Oscailte:

- 10am – 4.30pm Luan go hAoine
- 12.30 – 1pm Dúnta ag am lóin
- 1pm - 4.30pm Satharn
- Druidte ar an Domhnach agus Saoirí Poiblí
- Cead isteach saor in aisce

## Eolas faoi Mhúsaem Contae Dhún na nGall

Tá Músaem Contae Dhún na nGall lonnaithe i seánfhoirgneamh cloiche, a bhí in am amháin ina chuid de Theach na mBocht Leitir Ceanainn a osclaíodh in 1845. Sa taispeántas sa ghailearaí ar an céad urlár insítear scéal Chontae Dhún na nGall ón Réamhstair go dtí an Fichiú céad. I ngailearaí an bhunurláir déantar sraith de thaispeántais shealadacha a reáchtáil le linn na bliana, a chlúdaíonn réimsí leathan téamaí agus ábhar.

BIRD'S-EYE VIEW OF A UNION WORKHOUSE FOR THE ACCOMMODATION OF EIGHT HUNDRED PERSONS OR UPWARDS.



Bailiúchán Músaem Chontae Dhún na nGall

Is é ról Mhúsaem Contae Dhún na nGall fianaise ábhartha agus eolas a bhaineann leis de chuid stair Chontae Dhún na nGall a bhailíú, a thaifeadadh, a chaomhnú, a nochtadh agus a léiriú ar mhaithle le húsáid agus taitneamh a oiread daoine agus is féidir.

I Músaem Contae Dhún na nGall tá bailiúchán iontach mór de dhéantúis a bhaineann le stair agus oidhreacht Chontae Dhún na nGall. Leiríonn an bailiúchán seo réimse leathan de thréimhsí agus topaicí. Is bailiúchán maith samplach é den chontae, ina bhfuil mórán réada suimiúla, roinnt acu sin a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta leo.

Tá Músaeim Chontae tábhachtach mar gur iontu atá an stór mór de thaiscí staire contae agus déantar díobh ionaid taighde agus oideachais agus coinníonn siad ardchaighdeáin de chúram bailiúchán. In Éirinn, is ionann Músaem Contae oifigiúil agus ceann a bhíonn á fheidhmiú agus á mhaoiniú ag Údarás Áitiúil. Is músaem údaráis áitiúil é Músaem Contae Dhún na nGall. Faoi láthair tá 12 Mhúsaem Contae ar fud na hÉireann.

Tá súil againn go dtiocfaidh tú ar stair agus oidhreacht ilchineálach Chontae Dhún na nGall.

Cé go bhfuil Músaem Contae Dhún na nGall sásta treoir agus cuidiú a thabhairt, ní institiúid ghinealais é agus de ghnáth ní féidir linn taighde mionsonraithe a dhéanamh do dhaoine aonair.



Taispeántas sa ghailearaí ar an chéad urlár  
Músaem Chontae Dhún na nGall  
Grianghraif: Paul McGuckin


# Leabhar Gradaim Dhún na nGall

## – An Cogadh Mór 1914-1918

Tá nuashonrú agus athchló déanta ag Músaem Contae Dhún na nGall ar an 5ú hEagrán de Leabhar Gradaim Chontae Dhún na nGall: An Cogadh Mór 1914-1918 ina bhfuil ainmneacha na ndaoine uilig as Dún na nGall a thit sa Chéad Chogadh Domhanda.

Tá taighde ar siúl ag Músaem Contae Dhún na nGall ó 2001 ar gach duine as Dún na nGall a ghlac páirt sa Chéad Chogadh Domhanda. Roimhe seo d'eagraigh an Músaem taispeántais agus clár imeachtaí ina ndéantar plé ar scéal ról Dhún na nGall sa Chogadh.

Tá cuid mhór taighde déanta ag Músaem Contae Dhún na nGall ar na daoine as Contae Dhún na nGall a bhí páirteach sa Chéad Chogadh Domhanda. Bheadh siad sásta cuidiú leat le ceisteanna ar bith a bhaineann le Contae Dhún na nGall agus an Chéad Chogadh Domhanda.



### Eolas Nua

Ma tá eolas ar bith eile agat ar na fir agus na mná a liostaítear i Leabhar Gradaim Dhún na nGall nó má tá ainmneacha ar bith eile agat cuir sin ar **r-phost chuig**

[museum@donegalcoco.ie](mailto:museum@donegalcoco.ie)

nó cuir sa **phost é chuig:**

Leabhar Gradaim Chontae

Dhún na nGall, Músaem Contae

Dhún na nGall, An Bóthar Ard,

Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall

## Seo roinnt suíomhanna gréasáin úsáideacha:

- Tugann Coimisiún Uaigheanna Cogaidh an Chomhlachais (CWGC) onír don 1.7 milliún fear agus bean d'fhórsaí an Chomhlachais a fuair bás sa Chéad agus sa Dara Cogadh Domhanda. [www.cwgc.org](http://www.cwgc.org)
- Arm na Breataine: Tá na buntaifid uilig i gCartlann Náisiúnta na Breataine i Londain. Tá a dtaifid de Bhoinn Leighis iontach úsáideach do bhaill de na fórsaí armtha sa Chéad Chogadh Domhanda. [www.nationalarchives.gov.uk/help-with-your-research/research-guides/british-army-medal-index-cards-1914-1920/](http://www.nationalarchives.gov.uk/help-with-your-research/research-guides/british-army-medal-index-cards-1914-1920/)
- Tá taifid seirbhíse a mhaireann den Chéad Chogadh Domhanda tras-scríofa ag [www.ancestry.co.uk](http://www.ancestry.co.uk)
- Taifid seirbhíse agus pinsin Roimh-1914 ar fáil ar [www.findmypast.co.uk](http://www.findmypast.co.uk)
- Tionscadal deonach chuig liosta d'iarshaighdiúirí as Éirinn sa Chéad Chogadh Domhanda 1914-1918 [www.worldwar1veterans.com](http://www.worldwar1veterans.com)
- Taifid Chuimhneacháin na hÉireann ón Chéad Chogadh Domhanda [imr.inflandersfields.be/search.html](http://imr.inflandersfields.be/search.html)
- Astrálaigh agus muintir na Nua-Shéalainne sa Chéad Chogadh Domhanda [www.discoveringanzacs.naa.gov.au/](http://www.discoveringanzacs.naa.gov.au/)
- Taifid mhuintir Cheanada ón Chéad Chogadh Domhanda <https://www.bac-lac.gc.ca/eng/discover/military-heritage/first-world-war/Pages/introduction.aspx>
- Eolas ar adhlacadh agus ar chuimhneachán bhaill de chuid arm Mheiriceá a cailleadh ar dualgas thar lear [www.abmc.gov/database-search](http://www.abmc.gov/database-search)




2ú Cathlán, na Gardaí Éireannacha, 1918  
Bailiúchán Músaem Chontae Dhún na nGall

# Cartlann Scannán i Músaem Contae Dhún na nGall

## Cartlann Scannán an Iarthuaiscirt

Is bailiúchán digiteach ar leith d'ábhar scannán cartlainne é seo ar Dhoire agus Dún na nGall. Tá 90 uair an chloig ann de chláir, cláir faisnéise, príomhscannán, gearrscannán agus píosaí scannánaíochta nuachta ó chuid de na mórchainéil teilifíse chomh maith le scannánaíocht amaitéarach Super 8 agus físeáin bhaile ag dul siar corradh le 50 bliain. Is féidir breathnú ar an chartlann saor in aisce gan choinne (is féidir breathnú uirthi fostá ag Cartlann Chontae Dhún na nGall.)



Bailiúchán Músaem Chontae Dhún na nGall

Gortahork, Co. Donegal



Árainn Mhóir  
Bailiúchán Músaem Chontae Dhún na nGall

## Cartlann Scannán agus Raidió Oileáin Dhún na nGall

Is bailiúchán digiteach ar leith é seo d'ábhar cartlainne a bhaineann le hoileáin Chontae Dhún na nGall. Tugtar sa chartlann saor-rochtain ag an phobal ar beagnach 40 uair an chloig d'ábhar scannán, teilifíse agus raidió trí rudaí amhail nuachtscannán, nuacht agus cláir faisnéise theilifíse agus raidió.

San ábhar éisteachta agus físe sa chartlann seo tabharfar tuiscint ar stair shóisialta na n-oileán ar chósta Dhún na nGall ó na 1950idí go dtí an lá inniu. Is féidir breathnú ar an chartlann saor in aisce gan choinne.



Bád ag fágáil Ché an Bhuna Bhig as Toraigh  
Bailiúchán Músaem Chontae Dhún na nGall



An Dún Riabhach  
Bailiúchán Músaem Chontae Dhún na nGall



Bean as Dún na nGall ag sníomh olla  
Bailiúchán Músaem Chontae Dhún na nGall



Bailiúchán Theaghlaigh Rutherford  
Le caoinchead ó Caroline Ni Giolla Chearr




Leifear  
Bailiúchán Músaem Chontae Dhún na nGall

## Foilseacháin

Tá éagsúlacht leabhrán foilsithe ag an Mhúsaem atá ar fáil saor in aisce.

**Tabhair do d'aire:** Ní féidir cuid de na foilseacháin seo a fháil ach i bhfoirm PDF

- “From Home to Foreign Fields” a dhéanann plé ar an chéad Chogadh Domhanda i nDún na nGall, Cathair Dhoire, an Srath Bán agus an Ómaigh.
- A Guide To The Plantation Of Ulster in Derry And Donegal
- Plantation Architecture and Landscape In Derry And Donegal
- The Legacy Of The Plantation In Derry And Donegal
- The Ulster Covenant, 1912
- From Leaders to Exiles – a bhaineann leis an taispeántas ar Imeacht na nlarláí
- ‘A Vanished World’ – The Landed Gentry of County Donegal
- ‘A Long Farewell’ – The Emigration of Donegal Women 1845 – 1950
- Dún na nGall, Olltoghchán 1918 agus an Chéad Dáil



# ÁISEANNA EILE

## Níl iontu seo a leanas ach sampla de na suíomhanna gréasáin a d'fhéadfadh a bheith úsáideach agat ar d'aistear ar lorg staire do theaghlaigh:

[www.irishgenealogy.ie](http://www.irishgenealogy.ie) Innéacsanna ar bhásanna, breitheanna agus póstaí ó 1864.

<http://www.donegalgenealogy.com/>  
Tras-scríbhinní de na mílte de thaifid staire teaghlaigh Chontae Dhún na nGall.

[www.askaboutireland.ie/](http://www.askaboutireland.ie/)  
[www.familysearch.org](http://www.familysearch.org)

<https://www.nidirect.gov.uk/proni> Oifig na dTaifead Poiblí Thuaisceart Éireann: tá mórán de pháipéir eastáit talún Chontae Dhún na nGall anseo.

[www.findmypast.ie](http://www.findmypast.ie) Is féidir rochtain a fháil ar bhunús na ngnéithe ar an tsuíomh gréasáin seo saor in aisce ag leabharlanna agus Cartlann Dhún na nGall. Tá cláir agus leabhair miontuairiscí ann ó ocht dteach na mbocht Chontae Dhún na nGall.

<http://www.rootsireland.ie/>  
[www.ancestry.co.uk](http://www.ancestry.co.uk)

[www.nli.ie](http://www.nli.ie) Tá cuid mhór páipéar eastáit talún i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

<http://registers.nli.ie/> Cláir paróistí Caitliceacha ar líne, saor in aisce.

<http://www.genealogy.nationalarchives.ie/> & <http://www.census.nationalarchives.ie/>

Sna suíomhanna gréasáin seo tá Daonáireamh 1901, 1911; Cláir Cheaproinnt na nDeachúna 1830idí & taifid Luachála 1820idí – 1840idí.

[www.gov.ie/en/campaigns/af7893-general-register-office/?referrer=/gro/](http://www.gov.ie/en/campaigns/af7893-general-register-office/?referrer=/gro/)  
An Phríomh-Oifig Chlárúcháin, Éire.

[www.qub.ie/cms/](http://www.qub.ie/cms/) Bunachar sonraí d'fhoinsí don imirce ó Éirinn go SAM.

<https://www2.hse.ie/births-deaths-and-marriages> Seirbhís Clarúcháin Sibhialta FSS. Cláraíonn sí gach breith, bás agus pósadh in Éirinn.

[www.nidirect.gov.uk/services/go-groni-online](http://www.nidirect.gov.uk/services/go-groni-online) Tá teastais breitheanna, póstaí agus básanna a cláraíodh i dTuaisceart Éireann ó 1922 ar fáil ag an Phríomh-Oifig Chlárúcháin do Thuaisceart Éireann i mBéal Feirste.

<http://www.irishgraveyards.ie/>  
Tras-scríbhinní tailte adhlactha d'uaigneanna agus grianghraif d'uaigneanna.

<http://www.prai.ie/> Clárlann Réadmhaoine/talaimh in Éirinn.

[www.valoff.ie/en/archive-research/](http://www.valoff.ie/en/archive-research/)  
Taifid na hOifige Luachála.

[www.derry.rootsireland.ie](http://www.derry.rootsireland.ie) Taifid staire Theaghlaigh Dhoire.

<http://soldierswills.nationalarchives.ie/search/sw/home.jsp> Uachtanna saighdiúrí ón Chéad Chogadh Domhanda.

[www.irishmanuscripts.ie/product/the-civil-survey-a-d-1654-56-counties-of-donegal-londonderry-and-tyrone-vol-iii-with-the-returns-of-church-lands-for-the-three-counties-10-vols-1931-61/](http://www.irishmanuscripts.ie/product/the-civil-survey-a-d-1654-56-counties-of-donegal-londonderry-and-tyrone-vol-iii-with-the-returns-of-church-lands-for-the-three-counties-10-vols-1931-61/)  
Suirbhé Sibhialta 1654 tá liosta d'úinéirí agus léas-sealbhóirí réadmhaoine.

<https://irelandxo.com>

# NÓTAÍ

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

# Dhún na nGall

